Coimisiún na Meán

# An Cód maidir le Seirbhís Meán

# An Cód um Chaighdeáin Chlár (Craoltóirí Raidió agus Teilifíse)

Dáta foilsithe: Samhain 2024

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Réamhrá** | **3** |
| **2.** | **Raon agus Dlínse** | **3** |
| **3.** | **Cuspóir agus Cur i bhfeidhm an Chóid** | **3** |
| **4.** | **Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis an gCód** | **4** |
| **5.** | **Inscoiteacht** | **5** |
| **6.** | **Tarscaoileadh** | **6** |
| **7.** | **Comhlíontacht agus Forfheidhmiú** | **6** |
| **8.** | **Gearáin** | **6** |
| **9.** | **Treoir** | **6** |
| **10.** | **Sainmhínithe Ginearálta** | **7** |
| **11.** | **Cuspóirí** | **8** |
| **12.** | **An Tábhacht a bhaineann le Comhthéacs** | **8** |
| **13.** | **Foréigean, Ábhar Gnéasach agus Teanga Cholúil** | **9** |
| **14.** | **Cosaint ar Dhíobháil** | **9** |
| **15.** | **Cosaint Leanaí** | **10** |
| **16.** | **Meas ar Dhaoine agus Grúpaí sa tSochaí** | **12** |
| **17.** | **Cosaint Leas an Phobail** | **12** |
| **18.** | **Meas ar Phríobháideachas** | **13** |
| **Aguisín** | | **15** |

# 1. Réamhrá

1.1 De bhun Alt 46N(1) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (an "**tAcht**"), féadfaidh Coimisiún na Meán (an "**Coimisiún**") cóid ("**cóid maidir le seirbhís meán**") a dhéanamh lena rialaítear caighdeáin agus cleachtais craoltóirí.

1.2 De bhun Ailt 46N(2)(a), (b) (c), agus (e) den Acht, féadfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhís meán a dhéanamh lena bhforálfar do chaighdeáin agus cleachtais chun a áirithiú go gcosnófar le bunábhar clár leasanna an lucht féachana agus éisteachta.

1.3 De bhun Alt 46N(5) den Acht, déanfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhís meán lena bhforálfar do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh maidir leo le hAirteagail 5, 6(1), 6a(1) go (3), 7b, 8, 9, 10, 11, 15, Caibidil VI, agus Caibidil VII (seachas Airteagal 26) de Threoir (AE) 2010/13 (arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808) (an "**Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc**") (ach amháin a mhéid a fhoráiltear le rialacha maidir le seirbhís meán).

1.4 I gcomhréir lena chuid dualgas agus oibleagáidí reachtúla a leagtar amach thuas, d'ullmhaigh an Coimisiún an cód seo maidir le seirbhís meán (an "**Cód**").

1.5 De bhun Alt 46N(11)(c) den Acht, lean Cód BAI um Chaighdeáin Chlár ó Údarás Craolacháin na hÉireann arna dhátú an 1 Márta 2015 de bheith i bhfeidhm le bunú an Choimisiúin.

1.6 Cuirtear an Cód in ionad Chód Údarás Craolacháin na hÉireann um Chaighdeáin Clár 2015, rud a chúlghairfear ón 5 Samhain 2024, arb é sin an dáta a thagann an Cód seo in éifeacht.

# 2. Raon agus Dlínse

2.1 Leis an gCód tugtar éifeacht d'Airteagail 6(1) agus 6a(1) go (3) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc in Éirinn, sa mhéid go mbaineann siad le craoltóirí.

2.2 Níl feidhm ag an gCód ach amháin maidir le craoltóirí faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí Alt 2A den Acht.

# 3. Cuspóir agus Cur i bhfeidhm an Chóid

**Cuspóir**

3.1 Is é is cuspóir don Chód a áirithiú go gcomhlíonfaidh craoltóirí atá faoi dhlínse an Stáit na dualgais a leagtar amach san Acht maidir le bunábhar clár a chraoladh ar a seirbhísí.

**Ullmhú an Chóid**

3.2 De bhun Alt 46N(6) den Acht, thug an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas agus an Cód á ullmhú aige: -

- an méid dochair nó coil is dóigh a dhéanfaí dá gcuirfí aon sórt ar leith bunábhair i gclár.
- méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta ionchasaigh le haghaidh bunábhar clár.
- ionchas dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an gcineál lánais a bheidh i gclár agus a mhéid is féidir aird daoine a d'fhéadfadh a beith i measc an lucht féachana nó an lucht éisteachta a tharraingt ar an gcineál lánais a bheidh i gclár.
- an dóchúlacht atá ann, maidir le daoine nach eol dóibh an cineál lánais a bheidh i gclár, go bhfeicfidh siad nó go gcloisfidh siad an lánas sin go neamhdheonach trína mbearta féin.
- a inmhianaithe atá sé a dheimhniú go gcuirfidh craoltóir an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú lena ndéantar difear do chineál na seirbhíse agus, go háirithe, faoi aon athrú atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm cód maidir le seirbhís meán.
- a inmhianaithe atá sé neamhspleáchas a chothabháil maidir le rialú eagarthóireachta ar lánas clár.

3.3 Ullmhaíodh an Cód i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Alt 46Q den Acht.

# 4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis an gCód

4.1 I léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Chóid, ní mór don Choimisiún, i gcomhréir lena dhualgais sa dlí poiblí, gníomhú go dlíthiúil, go réasúnta agus go cothrom.

4.2 Go sonrach, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- a chuspóirí agus a fheidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht.
- na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint de réir mar is infheidhme faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh.

4.3 Ina léirmhíniú ar an gCód, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar an gceart chun tuairimí a nochtadh, rud a thugtar faoi Airteagal 40.6.1 den Bhunreacht, Airteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus Airteagal 10 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

4.4 Déantar foráil in Alt 7(2) den Acht maidir leis an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh sé lena áirithiú go gcloífear leis na luachanna daonlathacha a chumhdaítear sa Bhunreacht, go háirithe iad sin a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, agus go dtabharfar cosaint do leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, agus tiomantas ar leith ann do shábháilteacht leanaí. Féachfaidh an Coimisiún freisin lena áirithiú, maidir le beartais an

Choimisiúin i leith craoltóirí, go bhfreastalófar ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann ar an mbealach is fearr is féidir leo.

4.5 Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún féachaint lena áirithiú trína shocruithe rialála (i) go dtabharfar aghaidh ar bhunábhar clár agus ábhar eile atá dochrach nó mídhleathach; (ii) go gcuirfear athrú teicneolaíoch agus sochaíoch san áireamh leo; agus (iii) go bhfeidhmeoidh siad go comhréireach, go leanúnach agus go cothrom.

4.6 Le hAlt 7(3) den Acht déantar foráil, ina theannta sin, go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas, inter alia:

- soláthraithe seirbhísí craolacháin agus seirbhísí meán closamhairc ar éileamh a spreagadh chun cláir ardchaighdeáin, éagsúla agus nuálacha a sholáthar,
- timpeallacht rialála a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaonta a chothú;
- cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus a chuid feidhmeanna á bhfeidhmiú aige, agus cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn i measc na ndaoine lena dtéann sé i gcomhairle,
- spreagadh a thabhairt don chomhlíontacht le forálacha an Achta, agus le forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile a dhéantar faoi, ar aon bhealach a mheasann an Coimisiún a bheith cuí, lena n-áirítear trí threoraíocht a fhoilsiú faoin gcaoi a bhféadfaí na bearta sin a chomhlíonadh.

4.7 De bhun Alt 7(4) den Acht, i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; rialáil an chearrbhachais, agus beartais fhoilsithe an Aire Dlí agus Cirt a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; agus beartais fhoilsithe an Rialtais a mhéid a bhaineann le haon cheann de na hábhair sin.

# 5. Inscoiteacht

5.1 Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chód neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, do-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhme (ar bhonn ginearálta nó i dtaca le craoltóir áirithe) ar bhealach ar bith, ar bhunús aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus an dlí Eorpach), leis an gcinneadh sin, ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile den Chód nó cuid de, mura rud é go ndearbhaítear go bhfuil an toradh infheidhme maidir le cibé foráil eile nó cuid di, nó is amhlaidh atá an méid sin faoi réir an fhaoisimh arna dheonú ag cúirt.

5.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, leanfaidh na forálacha uile eile agus/nó na codanna uile eile den Chód de bheith go hiomlán éifeachtach, infheidhme, agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá, is

amhlaidh a bhainfear den Chód aon fhoráil nó cuid den Chód a chinntear a bheith neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe.

# 6. Tarscaoileadh

6.1 Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d'aon doiciméad analógach a chuireann craoltóir faoina bhráid, nó mura ndéanann sé trácht orthu sin; ní mheasfar é sin a bheith ina ghlacadh ná ina fhaomhadh d'inneachar aon chuid den mhéid céanna, agus ní thuigfear uaidh sin gur chomhlíon an craoltóir a oibleagáidí faoin Acht agus/nó faoin gCód.

6.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht air; ní chruthófar urbhac in aghaidh an Choimisiúin leis, ná ní tarscaoileadh ón gCoimisiún a bheidh ann maidir le haon cheann dá chumhachtaí nó dá chearta de bhun an Achta agus/nó an Chóid.

# 7. Comhlíontacht agus Forfheidhmiú

7.1 De bhun Alt 46N(10) den Acht, beidh mainneachtain craoltóra an Cód a chomhlíonadh ina sárú chun críocha Chuid 8B den Acht.

7.2 Áiritheoidh craoltóir go mbeidh córais agus rialuithe i bhfeidhm aige nó aici chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí atá sa Chód a léiriú.

7.3 De bhun Alt 47(3) den Acht, ceanglaítear ar chraoltóirí cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme chun déileáil le gearáin a bhaineann le mainneachtain an chraoltóra cód seirbhíse meán a chomhlíonadh.

# 8. Gearáin

8.1 Féadfaidh duine gearán a dhéanamh má chreideann sé nó sí nár chomhlíon craoltóir an Cód seo. Molann Coimisiún na Meán do ghearánaigh a ngearán a dhéanamh leis an gcraoltóir ar an gcéad dul síos mar gurb é sin an bealach is tapúla chun gearán a bhreithniú agus freagra a thabhairt air.

8.2 Tá eolas faoin bpróiseas láimhseála gearán, lena n-áirítear próiseas Choimisiún na Meán, le fáil ar ár suíomh gréasáin (www.cnam.ie/ga) nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán ar + 353 1 963 7755 nó ag usersupport@cnam.ie.

# 9. Treoir

9.1 Féadfaidh an Coimisiún treoir ghinearálta neamhcheangailteach a sholáthar maidir le forálacha an Chóid arna iarraidh sin nó de réir mar a mheastar gur gá agus nuair a mheastar sin. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart treoir a fhoilsiú agus a leasú ó am go ham de réir mar is cuí leis an gCoimisiún.

9.2 Ní mór a áireamh sna hiarrataí ar threoir an t-ábhar ábhartha atá nasctha leis an iarraidh ar threoir. Ba cheart a lua go soiléir san iarraidh an chuid nó na codanna den Chód, atá ábhartha dar leis an iarrthóir, agus ba cheart a leagan amach inti an cheist shonrach ar mhaith leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith. Ní ghlacann an Coimisiún le haon dliteanas as aon chinneadh (ná iarmhairtí a eascraíonn as) a dhéantar tar éis treoir ghinearálta neamhcheangailteach a fháil ón gCoimisiún.

# 10. Sainmhínithe Ginearálta

Maidir leis na téarmaí nach sainmhínítear thíos, tá na bríonna a thugtar dóibh leis an Acht.

ciallaíonn **"craoltóir"** soláthraí craoltaí fuaime nó craoltaí teilifíse, mar a shainmhínítear sa Chód seo.

ciallaíonn **"seirbhís craolacháin"** seirbhís a chuimsíonn tiomsú de bhunábhar clár d'aon chineál, rud a dhéantar a tharchur, a athsheachadadh nó a dháileadh trí líonra cumarsáide leictreonaí, go díreach nó go hindíreach chun go bhfaighidh an pobal i gcoitinne é ar bhealach atá comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach, cibé acu a fhaightear nó nach bhfaightear an t-ábhar sin i ndáiríre, agus i gcás ina soláthraítear na cláir in ord réamhsceidealaithe agus líneach, ach ní áirítear leis sin:

(a) seirbhís a sholáthraítear ar bhealach neamhlíneach i gcás ina roghnaíonn gach úsáideoir den tseirbhís clár ó chatalóg de chláir, nó

(b) aon seirbhísí eile a sholáthraítear tríd an idirlíon, mura soláthraíonn an tseirbhís cláir chlosamhairc.

ciallaíonn **"leanbh"** nó **"leanaí"** duine nó daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

ciallaíonn **"clár"** (a) sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim, nó (b) closábhar, arb éard atá i gceist i ngach cás mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg atá bunaithe ag soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físeáin, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus dráma úr.

ciallaíonn **"seirbhís craolacháin fuaime"** nó **"craoladh fuaime"** seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, inarb amhlaidh—

(a) atá príomhchuspóir na seirbhíse tiomanta do chláir fuaime a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a sholáthar, agus

(b) a sholáthraítear an tseirbhís le héisteacht ar bhealach comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach le cláir fuaime ar bhonn sceideal clár

Ciallaíonn **"craoltóireacht teilifíse"** nó **"craoladh teilifíse"** (i.e. seirbhís líneach meán closamhairc) seirbhís meán closamhairc a chuireann soláthraí seirbhíse meán ar fáil chun féachaint go comhuaineach ar chláir ar bhonn sceideal clár.

# 11. Cuspóirí

11.1 Is iad seo a leanas cuspóirí an Chóid: -

a) soláthar freagrach seirbhísí craolacháin a chur chun cinn, rud a fheabhsaíonn rochtain ar fhaisnéis, siamsaíocht agus oideachas agus réimse tuairimí, agus col agus díobháil mhíchuí á seachaint, agus aird chuí á tabhairt ar an gceart chun saoirse cainte dá dtagraítear in Alt 4.3 den Chód seo.

b) éagsúlacht dúile agus spéiseanna arb ann dóibh i sochaí chomhaimseartha na hÉireann a aithint agus craoladh a fhreastalaíonn ar an éagsúlacht sin a spreagadh agus a éascú.

c) comhairle a chur ar bhreathnóirí agus éisteoirí maidir leis na caighdeáin lenar féidir leo a bheith ag súil ón gcraoltóireacht.

d) a chumasú do bhreathnóirí agus éisteoirí craoltóirí a thabhairt chun cuntais i gcás ina gcreideann siad go raibh craoltóir mífhreagrach.

# 12. An Tábhacht a bhaineann le Comhthéacs

12.1 Áiritheoidh craoltóirí go ndéanfaidh siad ábhar cláir a sceidealú go hiomchuí agus an méid seo a leanas á chur san áireamh, i measc nithe eile: -

a) cineál an bhunábhair clár.

b) seánra an bhunábhair clár.

c) aoisraon dóchúil an lucht féachana nó éisteachta.

d) cineál na seirbhíse craolacháin.

e) an clár ar leith agus an tráth sa lá inar dócha go mbeidh leanaí ag breathnú ar bhunábhar clár nó ag éisteacht leis (lena n-áirítear, i gcás raidió, le linn tréimhsí ina mbeidh turas á dhéanamh chun na scoile nó tréimhsí saoire).

f) ar sheirbhísí teilifíse, úsáid na tairsí (a bhíonn i bhfeidhm tar éis 21.00), i gcás inarb iomchuí.

12.2 Áiritheoidh craoltóirí go n-úsáidfidh siad réamhrabhaidh i gcás ina bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go bhféadfaí cur isteach ar lucht féachana nó éisteachta de dheasca bunábhar clár nó go bhféadfaí cur as dóibh dá dheasca.

12.3 Áiritheoidh craoltóirí go dtabharfaidh siad aird chuí ar ionchais bhunaithe an lucht féachana nó éisteachta maidir le seirbhís craolacháin agus/nó clár agus leis na hiarmhairtí a bhaineann le haon imeacht toiliúil ó ghnáthchineál na seirbhíse nó ábhar an chláir.

12.4 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh i gclársceidealú beo go ndéanfaidh siad gníomh ceartaitheach go tráthúil i gcás inar dócha le réasún go raibh ábhar neamhbheartaithe ina chúis le col nó díobháil mhíchuí. Is féidir go ndéanfar an ghníomhaíocht sin chun an t-ábhar sin a aithint, a shoiléiriú agus/nó leithscéal a dhéanamh as.

12.5 Áiritheoidh craoltóirí go soláthrófar an fhaisnéis lucht féachana nó éisteachta (amhail réamhrabhaidh maidir le hábhar agus córais aicmithe thuairisciúla) agus na sásraí treorach uile (amhail sonraí teagmhála líne cabhrach nó seirbhíse tacaíochta) ar bhealach atá inchloiste go soiléir ag lucht éisteachta raidió agus atá infheicthe agus inchloiste go soiléir ag lucht féachana teilifíse.

12.6 Áiritheoidh craoltóirí go gcuirfidh siad sásraí eolais agus treorach a lucht féachana agus éisteachta chun cinn ar an aer.

# 13. Foréigean, Ábhar Gnéasach agus Teanga Cholúil

13.1 Áiritheoidh craoltóirí go dtabharfaidh siad aird chuí ar a iomchuí atá sé an t-ábhar seo a leanas a chur san áireamh i mbunábhar clár agus/nó go dtabharfaidh siad aird chuí ar an mbonn cirt eagarthóireachta atá leis an ábhar seo a leanas a chur san áireamh i mbunábhar cláir: -

i. foréigean.

ii. ábhar gnéasach.

iii. teanga cholúil.

13.2 Beidh craoltóirí san airdeall ar theanga cholúil a úsáid i gclársceidealú beo, agus beidh siad ar a n-aire air sin agus, i gcás ina dtarlaíonn na himeachtaí sin, déanfaidh siad bearta tráthúla chun aon chol a dhéantar a íoslaghdú, amhail an teanga a úsáideadh a aithint, a shoiléiriú agus/nó leithscéal a dhéanamh aisti.

# 14. Cosaint ar Dhíobháil

14.1 Áiritheoidh craoltóirí go nglacfaidh siad cúram cuí agus bunábhar clár ina bhfuil carachtair, gníomhaíochtaí agus imthosca pearsanta á chraoladh acu ar a bhféadfaidh lucht féachana agus éisteachta tuiscint a fháil agus a fhéadfaidh cur as dóibh, go háirithe i ndáil le hábhar amhail foréigean gnéasach, féindochar nó iompair féinmharaithe, athchruthuithe imeachtaí fíorasacha agus píosa scannánaíochta cartlainne. Beidh eolas nó treoir de chineál éigin ó lucht féachana nó lucht éisteachta ag gabháil le bunábhar clár den chineál sin, amhail réamhrabhaidh.

14.2 Áiritheoidh craoltóirí go soláthróidh siad sonraí teagmhála líne cabhrach iomchuí don bhreathnóir nó don éisteoir, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear uimhreacha teileafóin chun teagmháil láithreach le líne chabhrach nó beolíne a éascú.

14.3 Áiritheoidh craoltóirí nach spreagfar ná nach gcuirfear i láthair go fabhrach le bunábhar clár mí-úsáid drugaí, alcóil nó tuaslagóirí ná úsáid drugaí mídhleathacha. Maidir le léirithe agus/nó cur síos ar mhodhanna agus teicnicí mionsonraithe chun drugaí mídhleathacha a riar, ní mór údar eagarthóireachta láidir a bheith ag baint lena gcur san áireamh.

14.4 Áiritheoidh craoltóirí nach gcraolfaidh siad ábhar ná nach gcuirfidh siad ábhar ar fáil lena spreagtar do dhaoine aithris a dhéanamh ar ghníomhartha lena ndéantar díobháil dá sláinte agus dá sábháilteacht.

14.5 Áiritheoidh craoltóirí go dtabharfaidh siad cúram cuí agus bunábhar clár á chraoladh acu lena n-áirítear nuacht a ionsamhlú. Maidir le nuacht ionsamhlaithe (mar shampla i ndráma nó cláir faisnéise) ní mór í a chraoladh ar bhealach a fhágann nach bhfuil aon fhéidearthacht réasúnta ann go gcuirfí an lucht féachana nó éisteachta ar míthreoir lena chreidiúint go bhfuil siad ag éisteacht le fíornuacht, nó go bhfuil siad ag breathnú uirthi.

14.6 Áiritheoidh craoltóirí go dtabharfaidh siad cúram cuí agus iad ag déileáil le léirithe díbeartha deamhan, diamhaire, ábhair pharanormálta, tairngreachta (lena n-áirítear fáistineacht) nó cleachtas a bhaineann le haon cheann díobh sin a mhaítear, nó a mheastar, a bheith fíor. I gcás inarb ann do na léirithe sin chun críoch siamsaíochta, ní mór an méid sin a shoiléiriú don lucht féachana nó éisteachta.

14.7 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh maidir le léirithe ar a dtugtar aghaidh le hAlt 14.6, cé acu a mhaítear go bhfuil siad fíor nó chun críoch siamsaíochta, nach mbeidh comhairle iontu lena n-athraítear an saol do dhuine agus atá dírithe ar dhuine aonair a bhféadfaí a bheith ag súil le réasún leis go ngníomhóidh nó go mbraithfidh sé nó sí uirthi. Níl feidhm aige sin maidir le léirithe atá i scannáin, dráma nó clársceidealú ficseanúil eile.

14.8 Áiritheoidh craoltóirí go nglacfaidh siad cúram cuí maidir leis an mbealach a dhéantar hiopnóis le linn cláir.

14.9 Áiritheoidh craoltóirí go soláthróidh siad réamhrabhaidh, mar is iomchuí, do bhreathnóirí ar a bhfuil titimeas fótamhothálach, agus sin ar bhealach atá inchloiste agus infheicthe go soiléir.

# 15. Cosaint Leanaí

15.1 Áiritheoidh craoltóirí go ndéanfaidh siad cúram ar leith agus bunábhar clár á chraoladh acu timpeall cláir is dóigh go mbreathnóidh leanaí orthu nó go n-éistfidh siad leo, nó ag tráthanna is gnách go gcloisfidh leanaí é nó go bhfeicfidh siad é. Áireofar leis sin bunábhar clár a chraoltar roimh an tairseach (i leith na teilifíse), le linn turais chun na scoile, agus le linn laethanta saoire scoile.

15.2 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar réamhbhlaiseadh agus fógraíochtaí, nach meastar go réasúnta go bhfuil siad oiriúnach do leanaí, a chraoladh go díreach roimh chlársceidealú do leanaí , lena linn nó ina dhiaidh, nó roimh an tairseach a bhaineann le clársceidealú do leanaí.

I gcás **craoltóirí teilifíse** amháin: -

15.3 Áiritheoidh craoltóirí go soláthróidh siad eolas leordhóthanach do lucht féachana agus éisteachta maidir le hábhar lena bhféadfar cur isteach ar fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí. Bainfidh craoltóirí teilifíse úsáid as córas lena ndéantar cur síos ar chineál dochrach féideartha an ábhair ar a seirbhís/ar a seirbhísí. Ba cheart an fhaisnéis a sholáthraítear do lucht féachana nó éisteachta a thaispeáint i dtús cláir agus, más iomchuí déanamh amhlaidh, tar éis do chlár filleadh ó shos fógraíochta.

15.4 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú, maidir le cláir ina bhfuil ábhar lena bhféadfar cur isteach ar fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta don mhéid seo a leanas:

(a) ábhar ina gcuimsítear an phornagrafaíocht,

(b) ábhar ina gcuimsítear foréigean gan ghá,

nach gcuirfear ar fáil iad ach ar bhealach lena n-áireofar nach gnách go gcloisfidh nó go bhfeicfidh leanaí iad.

15.5 Is féidir gurb é atá i gceist le bearta iomchuí cuid de na sásraí cosanta seo a leanas, nó iad uile, a úsáid: -

a) réamhrabhaidh maidir le hábhar a úsáid.

b) sceidealú, lena n-áirítear tairseach a úsáid.

c) bearta eile lena mbaintear amach toradh coibhéiseach leis an méid roimhe seo.

15.6 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh na bearta a dhéanfaidh siad comhréireach leis an bhféidearthacht go ndéanfaí díobháil do leanaí de dheasca an chláir. Áirítear ar na tosca atá le cur san áireamh: -

i. An leibhéal dochair dhóchúil a d'fhéadfadh eascairt as ábhar an chláir.

ii. An dóchúlacht go bhfaighidh leanaí rochtain ar an ábhar.

iii. Cineál na seirbhíse agus an lucht féachana nó éisteachta is dóigh a bheidh aici.

15.7. Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh an t-ábhar is dochraí, amhail foréigean gan ghá agus pornagrafaíocht, faoi réir na mbeart is déine.

# 16. Meas ar Dhaoine agus Grúpaí sa tSochaí

16.1 Áiritheoidh craoltóirí nach gcraolfaidh siad aon ábhar a fhéadfar a mheas le réasún gur ní é ar dóigh dó gríosú chun foréigin nó fuatha in aghaidh grúpa daoine, nó comhalta de ghrúpa, bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,[1] arb éard iad gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, nó treoshuíomh gnéasach. Is ní den chineál sin é an náisiúntacht gan dochar d'fhorálacha speisialta an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus an Chonartha ar an Aontas Eorpach.

16.2 Áiritheoidh craoltóirí nach gcuirfear béim i mbunábhar clár ach ar ghnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach ach amháin nuair atá údar leis na tagairtí sin, ag féachaint d'fhorálacha an Chóid seo, go háirithe, tábhacht an chomhthéacs.

16.3 Áiritheoidh craoltóirí maidir le húsáid téarmaí, tagairtí agus íomhánna a bhféadfaí a mheas le réasún go bhfuil siad colúil do dhaoine agus grúpaí sa tsochaí agus téarmaí mí-úsáide gaolmhara comhráiteacha atá dírithe ar aon ghrúpa, nach n-áirítear iad ach amháin i gcás ina bhfuil údar eagarthóireachta soiléir ann lena gcuimsiú i gclársceidealú.

16.4 Áiritheoidh craoltóirí go léireoidh siad urraim chuí ar thuairimí, íomhánna, cleachtais agus creidimh reiligiúnacha i mbunábhar clár. Ní bheartaítear leis sin cosc a chur ar ghrinnscrúdú criticiúil a dhéanamh ar reiligiún trí eolas, dráma nó clársceidealú eile.

# 17. Cosaint Leas an Phobail

17.1 Ní chraolfaidh craoltóirí ábhar a bhféadfaí a mheas le réasún gur dócha go ndéanfaí coireacht a chur chun cinn leis, nó a ghríosú leis, nó gur de ghné é a dhéanfadh dochar d'údarás an Stáit.

17.2 Ní chraolfaidh craoltóirí ábhar a bhféadfaí a mheas le réasún gur iompar é a thagann faoi réim choincheap an bhriogaidh phoiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541.

17.3 Áiritheoidh craoltóirí nach spreagfar le bunábhar clár iompraíocht ná tuairimí atá thar a bheith dochrach do chosaint an chomhshaoil. Spreagtar craoltóirí chun lucht féachana agus éisteachta a chur ar an eolas faoi fhorbairtí reatha i leith ábhair chomhshaoil ar bhealach lena gcuirtear béim chuí ar chothromaíocht eolais eolaíoch chomhaimseartha.

[1] Áirítear leis sin baill den Lucht Siúil nó den phobal Romach, ach gan bheith teoranta dóibh.

17.4 Áiritheoidh craoltóirí go ndéanfar leasanna an lucht féachana agus éisteachta a chosaint le seirbhís craolacháin, a bhfuil sé ar cheann dá príomhchuspóirí aici, leasanna aon eagraíochta a chur chun cinn. Comhlíonfar ceanglais an Chóid leis na seirbhísí sin.

# 18. Meas ar Phríobháideachas[2]

18.1 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh údar le haon sárú ar phríobháideachas duine aonair i gclár nó ar an mbealach a úsáidtear chun clár a dhéanamh, ag féachaint d'fhorálacha an Chóid seo, go háirithe, cosaint leas an phobail. Ní mór aon sárú den sórt sin a bheith réasúnta, comhréireach agus teoranta don mhéid is gá chun an lucht féachana nó éisteachta a chur ar an eolas ar mhaithe le leas an phobail.

18.2 Tabharfaidh craoltóirí aird chuí ar choincheap thoiliú an duine aonair agus áiritheoidh siad go mbeidh rannpháirtithe i mbunábhar clár ar an eolas, go ginearálta, faoi ábhar, comhthéacs agus cineál agus formáid a rannpháirtíochta ionas gurb é atá ina gcomhaontú a bheith rannpháirteach ná toiliú eolach.

18.3 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar sonraí pearsanta leanaí a bhailítear nó a ghintear ar bhealach eile a phróiseáil chun críoch tráchtála, amhail margaíocht dhíreach, próifíliú agus fógraíocht dírithe ar iompar.

18.4 Tabharfaidh craoltóirí aird chuí ar na breithnithe ar leith ag a bhfuil feidhm i gcás duine leochaileach nó linbh faoi bhun 16 bliana d'aois, chun a áirithiú nach ndéanfar sárú míréasúnach go brách ar phríobháideachas na ndaoine sin. Is éard atá i gceist le daoine leochaileacha daoine aonair a bhfágann a n-imthosca pearsanta nó a bhfolláine gur cheart níos mó cúraim a dhéanamh.

18.5 Áiritheoidh craoltóirí go bhfaighidh siad toiliú más rud é, maidir le bunábhar clár, nó leis an mbealach a úsáidtear chun bunábhar clár a dhéanamh, go mbainfidh sé go díreach le duine leochaileach nó leanbh atá faoi bhun 16 bliana d'aois. Ba cheart toiliú a lorg ón duine leochaileach nó ón leanbh, más féidir, agus ó thuismitheoir, caomhnóir, ionadaí ainmnithe nó duine atá freagrach as cúram príomhúil duine leochailigh nó linbh. Ní gá toiliú a fháil má tá an t-ábhar fánach nó má tá an rannpháirtíocht beag nó, bunaithe ar thosca eile, má tá údar leis dul ar aghaidh gan toiliú, ag féachaint d'fhorálacha an Chóid seo.

18.6 Tabharfaidh craoltóirí aird chuí ar léirithe á rá gur tarraingíodh siar toiliú, ag féachaint d'fhorálacha an Chóid, go háirithe, cosaint leas an phobail agus imthosca eile a fhéadfaidh teacht chun cinn, amhail caidrimh chonarthacha.

18.7 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh maidir le hathúsáid ábhair, lena úsáid i mbunábhar clár éagsúil nó chun críche eile, nach sárófar príobháideachas duine aonair go míréasúnta.

[2] Tá feidhm ag Alt 18 (Meas ar Phríobháideachas) maidir leis na bunábhair clár uile. Tá forálacha breise ann i leith ábhar nuachta agus cúrsaí reatha agus leagtar amach iad sa Chód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

18.8 Tabharfaidh craoltóirí aird chuí ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag clúdach agus clúdach athfhillteach an bháis ar theaghlaigh agus cairde an duine éagtha.

18.9 Tabharfaidh craoltóirí aird chuí ar na breithnithe ar leith ag a bhfuil feidhm agus scannánú á dhéanamh i gcásanna éigeandála agus íospartaigh tionóiscí nó iad sin atá thíos le tragóid phearsanta á scannánú, chun a áirithiú nach sárófar príobháideachas na ndaoine sin ar bhealach míréasúnta.

18.10 Áiritheoidh craoltóirí nach n-úsáidfear scannánú folaitheach nó taifeadadh ach amháin i gcás ina bhfuil údar leis sin.

# Aguisín

## Treoir
## Col agus Díobháil Mhíchuí

Leis an Acht sonraítear nach gcraolfaidh craoltóir aon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur ní é is cúis le díobháil nó cion míchuí a dhéanamh. Leis an doiciméad seo soláthraítear treoir neamhcheangailteach do chraoltóirí ar chur i bhfeidhm na dtéarmaí sin i gcomhthéacs cheanglais an Chóid um Chaighdeáin Chlár

Ábhair atá ina gcúis le **col**, is féidir go n-athraíonn siad ó dhuine go duine, agus is minic sin, agus tá siad suibiachtúil ó nádúr den chuid is mó. Ní féidir a sheachaint go bhféachfaidh seirbhís cláir lena ngabhann saibhreas iomlán an tsaoil, agus a fhéachann le haghaidh a thabhairt ar an réimse iomlán ábhar imní don lucht féachana nó éisteacha, a bheith ina foinse coil do dhaoine áirithe.

Ní féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh bunábhar clár saor ó chol. Níl aon cheart ann gan bheith maslaithe agus, do chraoltóirí, meastar, agus a ndualgas á chomhlíonadh acu chun réimse éagsúil clársceidealúcháin a sholáthar lena bhfreastalaítear ar lucht féachana nó éisteachta éagsúil, go mbeidh clársceidealú ann a mhaslaíonn roinnt daoine den lucht féachana nó éisteachta.

Mar sin féin, cé go bhfuil siad suibiachtúil fós, is féidir a mheas gurb é atá i gceist le **col míchuí** bunábhar clár ar ina leith a d’fhéadfaí a mheas, agus tosca comhthéacsúla amhail údar eagarthóireachta agus leas an phobail á gcur san áireamh, i measc nithe eile, go ndeachthas thar líne leis arb é a tháinig as sin gur cuireadh olc tromchúiseach nó forleathan ar dhuine aonair nó grúpa daoine aonair, thar an méid ar féidir, le réasún, údar a thabhairt leis.[3]

Níl **díobháil** chomh suibiachtúil sin. Is éard atá i gceist le hábhar díobhálach ábhar lena bhféadfar díobháil mheabhrach, shíceolaíoch nó fhisiciúil a chruthú. Níor cheart díobháil a dhéanamh do dhaoine aonair le bunábhar clár agus is é is aidhm don Chód a áirithiú nach ndéanfar díobháil do bhreathnóirí agus éisteoirí, go háirithe leanaí. Cé go bhfuil tuismitheoirí agus caomhnóirí freagrach go príomha as ábhar ar a dtagann leanaí ar an teilifís agus/nó ar an raidió, is féidir le craoltóirí, chun díobháil do leanaí a chosc, tacú leis an gcaidreamh atá ag an tuismitheoir / ag an gcaomhnóir lena leanbh / lena leanaí ach clársceidealú a dhéanamh go freagrach agus trí chomhlíontacht ghinearálta leis an gCód seo.

Agus é á aithint gur dhá choincheap ar leith iad díobháil agus col míchuí, is féidir go mbeidh ábhar a bhí ina chúis le col míchuí a bheith dochrach in imthosca áirithe.

---

[3] Tá ábhair a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le col tromchúiseach nó forleathan mionsraithe thíos.

Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu is féidir a mheas gur cruthaíodh díobháil agus/nó col míchuí de dheasca bunábhar clár, féadfaidh craoltóirí aird a thabhairt ar na hábhair seo a leanas nach bhfuil uileghabhálach: -

**Díobháil agus Col Míchuí**

I gcás **díobhála** agus **col míchuí** araon: -

- ábhar an bhunábhair clár a craoladh.
- na tosca comhthéacsúla ábhartha a bhaineann le craoladh an bhunábhair clár.
- a mhéid nach gcomhlíontar oibleagáidí an Chóid seo leis an mbunábhar clár ná nach gcloítear leo leis.

**Díobháil**

I gcás **díobhála**: -

- an dóchúlacht go measfaí, le réasún, go gcruthófaí díobháil d'aon duine aonair nó grúpa daoine aonair de dheasca an bhunábhair clár, lena n-áirítear: -
  - a mhéid a bhí an bunábhar clár nó ábhar comhchosúil ina chúis roimhe sin le díobháil mheabhrach, mhorálta nó fhisiciúil do dhuine aonair nó grúpa daoine aonair.
  - a mhéid a bhí an bunábhar clár ina shárú, ar bhealach míréasúnta, ar phríobháideachas duine aonair nó daoine aonair.
  - a mhéid a bhí caint bhéal-láidir, foréigean (lena n-áirítear foréigean gan ghá) agus iompar gnéasach (nó ábhar eile lena bhféadfaí díobháil a dhéanamh d'fhorbairt mheabhrach, mhorálta nó fhisiciúil leanaí) a áirítear i mbunábhar clár sceidealaithe ar bhealach míchuí sa mhéid gur dócha go bhfeicfidh nó go cloisfidh leanaí iad.
  - a mhéid a bheifí ag súil le réasún go mbeadh tionchar diúltach ag an mbunábhar clár ar dhuine aonair nó daoine aonair, de dheasca na n-eispéireas a bhí aige nó aici nó acu roimhe sin, agus a léirítear sin gan réamhrabhaidh, amhail bunábhar clár lena mbaineann féinmharú, féindochar agus foréigean gnéasach.
  - a mhéid a bheifí ag súil le réasún go mbeadh an bunábhar clár ina thaca nó i bhfách le hidirdhealú contrártha don Acht um Stádas Comhionann, 2000 agus/nó do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
  - a mhéid a bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh an bunábhar clár ina ghríosú chun foréigin nó fuatha in aghaidh grúpa daoine, nó comhalta de ghrúpa, bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Eadhon, bunaithe ar ghnéas, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó

creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, nó gnéaschlaonadh.

- a mhéid a bheifí ag súil le réasún go measfaí go mbeadh an bunábhar clár ina thaca nó i bhfách le coireacht lena n-áirítear iompar foréigneach, contúirteach nó an-fhrithshóisialta nó go mbainfí an bonn ó údarás an Stáit leis.

I gcás **col míchuí**, an dóchúlacht go bhféadfaí a mheas le réasún go raibh an bunábhar clár ina chúis le col míchuí a chruthú d'aon duine aonair nó grúpa daoine aonair, lena n-áirítear: -

- a mhéid a bhí an bunábhar clár nó ábhar comhchosúil ina chúis le **col tromchúiseach** roimhe sin d'aon duine aonair nó do dhuine aonair nó grúpa daoine aonair de dheasca an mhéid seo a leanas: -

  - caint shuarach, naimhdeach, mhaslach, dhímheasúil nó leithchealach agus/nó léirithe faoi dhuine aonair nó grúpa daoine aonair a chur san áireamh sa bhunábhar clár gan údar eagarthóireachta láidir a bheith ann don bhunábhar clár sin. Tá gá le cúram ar leith i leith caint agus léirithe daoine aonair nó grúpaí daoine aonair, bunaithe ar na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh nó san Acht um Stádas Comhionann, 2000.

- a mhéid a bhí bunábhar clár nó ábhar comhchosúil ina chúis le **col forleathan** roimhe sin toisc, mar shampla, gur cuireadh olc leis ar na luachanna a bhí ann i sochaí na hÉireann timpeall ábhar a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le díobháil nó col, lena n-áirítear ábhar foréigneach nó gnéasach nó ábhar ina bhfuil caint cholúil. Cé go bhféadfaidh an líon gearán a dhéantar faoi bhunábhar clár a bheith ina thoisc ábhartha agus breithniú á dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh sé ina chúis le col forleathan, ní dócha gur toisc chinntitheach a bheadh ann sin.

- a mhéid atá craoladh an bhunábhair clár chun leas an phobail.